Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2022/0131(COD)

25.1.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú)
(COM(2022)0655 – C9-0163/2022 – 2022/0131(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Agnes Jongerius

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Ba cheart athmhúnlú na Treorach um Chead Aonair a thapú mar dheis chun dálaí oibre cothroma a chruthú do náisiúnaigh tríú tír atá ag obair i mBallstáit an Aontais Eorpaigh.

Mar sin féin, is caidreamh cumhachta é aon chaidreamh fostaíochta freisin. Ní mór a mheabhrú nach bhfuil deighilt na cumhachta idir oibrithe agus fostóirí i gcothromaíocht. Bíonn oibrithe faoi mhíbhuntáistemura bhfuil cead acu, sa chleachtas, eagrú, cómhargáil agus dul ar stailc. Tá gá le rialachán chun é seo a thabhairt cothrom le dáta.

Sa chiall seo, tathantaím ar dhaoine gan bheith saonta. Tá cáil ar fhormhór na n-earnálacha den gheilleagar ina bhfuil oibrithe ó thríú tíortha gníomhach, amhail iompar, fáilteachas nó lóistíocht, mar gheall ar a bpá íseal agus an riosca ard a bhaineann le sáruithe ar chearta saothair.

Is amhlaidh a bhíonn go minic cheana féin i gcás oibrithe náisiúnta sna hearnálacha seo. Tá oibrithe ó thríú tíortha níos leochailí fós maidir le mí-úsáid agus dúshaothrú a bheith déanta orthu, toisc nach bhfuil áit chobhsaí acu sa tsochaí, nach bhfuil eolais faoina gcearta acu, agus nach bhfuil rochtain éifeachtach ar shásamh acu.

Leis an athmhúnlú seo, is mian liom feabhas a chur ar staid na náisiúnach tríú tír atá ag lorg fostaíochta agus atá ag obair san Aontas. Dá réir sin, tá gá le caitheamh níos cothroime. Ba cheart é seo a leathnú go dtí an méid a mheasaimid a bheith inghlactha do dhálaí maireachtála agus oibre féin freisin: a mhéid a bhaineann le luach saothair, saoire, am oibre, tithíocht chuibhiúil nó aisíocaíochtaí dlite.

Ina theannta sin, tá fíor-rochtain ar shásraí sásaimh agus ar thacaíocht ó ionadaithe, go háirithe ó na ceardchumainn, riachtanach.

Is gá i bhfad níos mó beart a dhéanamh chun stad a chur le cleachtais mhaslacha agus dúshaothraithe na bhfostóirí sin a lúbann nó a bhriseann na rialacha. Mar sin, ar an gcéad dul síos, tá gá le doiciméadacht níos fearr, chun na cearta atá ag oibrithe a shoiléiriú, agus chun cur ar chumas na gcigireachtaí saothair iad a fhorfheidhmiú. Ní mór na cigireachtaí féin a neartú.

Éilítear leis an athmhúnlú seo freisin a réamh-mheas conas a d'fhéadfadh samhlacha nua gnó teacht chun cinn a mbeidh saothrú oibrithe náisiúnta tríú tíortha mar thoradh orthu. Déanaim mo dhícheall gach rud is féidir a dhéanamh chun é seo a chosc. Ar an ábhar sin, tá sé ríthábhachtach gníomhaireachtaí sealadacha nó aon fhochonraitheoir eile a áireamh go sainráite sa Treoir seo.

Tá sé de dhualgas orainn cothrom na féinne a chruthú do na fostóirí sin atá ag iarraidh cloí leis na rialacha, ach a fhaigheann iomaitheoirí ag déanamh caimiléireachta ar chostas náisiúnach tríú tíortha. Ina theannta sin tá sé de dhualgas orainn na hoibrithe a ghlacann le hiarmhairtí na cóireála neamhchothroma, na cóireála díobhálacha nó fiú an dúshaothraithe a chosaint. Ar an mbealach seo, déanaimid áit níos fearr don Eoraip.

LEASUITHE

Tá an Coiste um Fhostaíocht agus Gnóthaí Sóisialacha á iarraidh ar an gCoiste um Fhostaíocht agus Gnóthaí Sóisialacha, mar an coiste freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Ba cheart tacar rialacha lena rialaítear an nós imeachta chun an t-iarratas ar chead aonair a scrúdú, ba cheart an tacar rialacha sin a leagan síos. Ba cheart an nós imeachta sin a bheith éifeachtach agus inbhainistithe agus gnáthualach oibre riaracháin na mBallstát a chur san áireamh ann, agus ba cheart é a bheith trédhearcach agus cothrom, le gur féidir an chinnteacht dlí iomchuí a thabhairt dóibh siúd lena mbaineann.	(4) Ba cheart tacar rialacha lena rialaítear an nós imeachta chun an t-iarratas ar chead aonair a scrúdú, ba cheart an tacar rialacha sin a leagan síos. Ba cheart an nós imeachta sin a bheith éifeachtach agus inbhainistithe, agus gnáthualach oibre riaracháin na mBallstát a chur san áireamh ann, agus ba cheart é a bheith trédhearcach***, neamh-idirdhealaitheach, cothrom ó thaobh inscne de, cuimsitheach*** agus cothrom, le gur féidir an chinnteacht dlí iomchuí a thabhairt dóibh siúd lena mbaineann.

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (an 'Colún'), a fógraíodh in Göteborg an 17 Samhain 2017, bunaítear sraith prionsabal chun bheidh mar threoir i dtreo comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma, agus cosaint agus cuimsiú sóisialta a áirithiú, ar prionsabail iad ar cheart iad a bheith in a dtreoir freisin don dóigh le caitheadh le hoibrithe tríú tír a bhfuil cónaí orthu san Aontas.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ba cheart forálacha na Treorach seo a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát an ligean isteach a rialáil, lena n-áirítear líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach chun críche oibre.	(5) Ba cheart forálacha na Treorach seo a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát an ligean isteach a rialáil, lena n-áirítear líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach chun bheith ag obair ***ina margaí saothair***. ***Is gá a shuí cá háit a ndéantar an obair de ghnáth chun a áirithiú go mbainfidh náisiúnaigh tríú tír tairbhe as dálaí oibre agus as cearta slándála sóisialta a bhfuil siad ina dteideal. Ba cheart gurbh amhlaidh a bheadh an cás freisin nuair a dhéantar obair i níos mó ná áit amháin, amhail le linn tógála, nó nuair a bhíonn an obair soghluaiste, amhail i réimse an iompair.***

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart caidrimh fostaíochta idir oibrithe tríú tír agus fostóirí a chumhdach leis an Treoir seo. I gcás ina gceadaíonn dlí náisiúnta Ballstáit náisiúnaigh tríú tír a ligean isteach trí ghníomhaireachtaí oibre sealadaí atá bunaithe ar a chríoch agus a bhfuil caidreamh fostaíochta acu leis an oibrí, ***níor cheart*** na gníomhaireachtaí sin ***a eisiamh*** ó raon feidhme na Treorach seo.	(6) Ba cheart ***conarthaí nó*** caidrimh fostaíochta idir oibrithe tríú tír agus fostóirí a chumhdach leis an Treoir seo. I gcás ina gceadaíonn dlí náisiúnta Ballstáit náisiúnaigh tríú tír a ligean isteach trí ghníomhaireachtaí oibre sealadaí atá bunaithe ar a chríoch agus a bhfuil ***conradh nó*** caidreamh fostaíochta acu leis an oibrí, ba cheart na gníomhaireachtaí sin ***a áireamh freisin i*** raon feidhme na Treorach seo.

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Níor cheart náisiúnaigh tríú tír ar phostú atá faoi réir ***Threoir*** 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] a chumhdach leis an Treoir seo. Leis sin, níor cheart cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír, atá ina gcónaí agus ag obair go dleathach i mBallstát ach atá ar postú i mBallstát eile, leanúint den chóir chomhionann a fháil i ndáil le náisiúnaigh an Bhallstáit tionscnaimh fad a mhaireann an tréimhse postála, i ndáil leis na téarmaí agus leis na coinníollacha fostaíochta sin nach ndéanann cur i bhfeidhm ***Threoir*** 96/71/CE.	(7) Náisiúnaigh tríú tír atá siad ar postú ***go hiarbhír*** agus atá faoi réir***Threoracha*** 96/71/CE[39]***, 2014/67/AE***[39a], ***2018/957/AE***[39b] ***agus 2020/1057/AE***[39c] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, níor cheart iad a chumhdach leis an Treoir seo. Leis sin, níor cheart cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír, atá ina gcónaí agus ag obair go dleathach i mBallstát ach atá ar postú i mBallstát eile, leanúint den chóir chomhionann a fháil i ndáil le náisiúnaigh an Bhallstáit tionscnaimh fad a mhaireann an tréimhse postála, i ndáil leis na téarmaí agus leis na coinníollacha fostaíochta sin nach ndéanann cur i bhfeidhm ***Threoracha*** 96/71/CE***, 2014/67/AE, (AE) 2018/957/AE agus 2020/1057/AE*** difear dóibh. ***Chun socruithe saorga trasteorann a chosc, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le bearta leordhóthanacha chun oibrithe tríú tír a chosaint ar mhí-úsáid trí phostú calaoiseach chuig Ballstáit eile. Sa nós imeachta iarratais aonair agus san fhaireachán ar fhostóirí, ba cheart aird chuí a thabhairt ar fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Róimh I')[39d] chun a fhíorú gurb é an Ballstát lena mbaineann an ghnátháit oibre.***
[39] Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).	[39] Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1). [39a] ***Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú soláthar seirbhísí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('an Rialachán***

IMI') (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11).

[39b] ***Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).***

[39c] ***Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49).***

[39d] ***Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (IO L 177, 4.7.2008, lch. 6).***

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ***Náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach i gcríoch Ballstáit chun obair ar bhonn séasúrach a dhéanamh, agus a bhfuil iarratas déanta acu ar ligean isteach nó a ligeadh isteach i gcríoch Ballstáit i gcomhréir le Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] níor cheart iad a chumhdach leis an Treoir seo ós rud é go dtagann siad faoi raon feidhme Threoir 2014/36/AE, lena mbunaítear córas sonrach.***	***scriosta***

_____

[41] Treoir 2014/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha (IO L 94, 28.3.2014, lch. 375).

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Forálacha na Treorach seo maidir leis an nós imeachta um iarratas aonair agus faoin gcead aonair, níor cheart baint a bheith ag víosaí aonfhoirmeacha nó fadfhanachta leo, cé is moite den oibleagáid atá ar na Ballstáit an víosa riachtanach a eisiúint laistigh den sprioc-am ***ceithre mhí*** a leagtar amach chun cinneadh a ghlacadh maidir leis an gCead Aonair .	(12) Níor cheart go mbainfeadh forálacha na Treorach seo maidir leis an nós imeachta iarratais aonair agus maidir leis an gcead aonair le víosaí aonfhoirmeacha nó fadfhanachta, cé is moite den oibleagáid atá ar na Ballstáit an víosa is gá a eisiúint laistigh den sprioc-am de ***90 lá*** a leagtar amach chun cinneadh ar an gCead Aonair a ghlacadh.

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Maidir leis an spriocdháta chun cinneadh a ghlacadh faoin iarratas ba cheart a áireamh ann an t-am a theastaíonn chun víosa a eisiúint i gcás inar gá, agus an t-am a theastaíonn chun na seiceálacha ar ***staideanna*** na margaí saothair a chomhlíonadh chomh maith.	(13) Maidir leis an spriocdháta chun cinneadh a ghlacadh faoin iarratas ba cheart a áireamh ann idir an t-am a theastaíonn chun víosa a eisiúint***,*** i gcás inar gá, agus an t-am a theastaíonn chun na seiceálacha ar na ***critéir agus na coinníollacha chun an cead a eisiúint mar a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear seiceálacha ar staid*** mhargadh an tsaothair ***i gcás inarb ann dóibh***.

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ba cheart ainmniúchán an ***údaráis*** inniúil faoin Treoir seo a bheith gan dochar do ról agus freagrachtaí údarás eile agus, i gcás inarb infheidhme, gan dochar do chomhpháirtithe sóisialta, maidir leis an iarratas a scrúdú agus le cinneadh a dhéanamh ina thaobh.	(15) Ba cheart ainmniúchán ***na n-údaráis*** inniúil faoin Treoir seo a bheith gan dochar do ról agus freagrachtaí údarás eile agus, i gcás inarb infheidhme, gan dochar do chomhpháirtithe sóisialta, maidir leis an iarratas a scrúdú agus le cinneadh a dhéanamh ina thaobh***, sa bhreis ar fhaireachán, cur chun feidhme agus forfheidhmiú caighdeán saothair a dhéanamh agus rialachán slándála sóisialta, gearáin agus sásamh dlíthiúil a éascú***. ***Ba cheart faisnéis faoi dhálaí oibre a chur ar fáil d'údaráis inniúla, amhail cigireachtaí saothair, seirbhísí fostaíochta poiblí nó institiúidí slándála sóisialta, chun cearta oibrithe tríú tír a ráthú go héifeachtach.***

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Maidir leis an spriocdháta chun cinneadh a ghlacadh faoin iarratas, níor cheart, mar sin féin , an t-am a theastaíonn chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a chur san áireamh . Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do nósanna imeachta náisiúnta maidir le haitheantas a thabhairt do dhioplómaí.	(16) Maidir leis an spriocdháta chun cinneadh a ghlacadh faoin iarratas, níor cheart, mar sin féin , an t-am a theastaíonn chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla ***agus ceirde*** a chur san áireamh. Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do nósanna imeachta náisiúnta maidir le haitheantas a thabhairt do dhioplómaí.

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ba cheart an cead aonair a tharraingt suas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle[42], rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát tuilleadh faisnéise a chur isteach, go háirithe maidir le cé acu a cheadaítear don duine dul ag obair nó nach gceadaítear. Ba cheart do Bhallstát faisnéis a léiriú, inter alia, chun críche rialú níos fearr a dhéanamh ar imirce, ní hamháin maidir leis an gcead aonair ach maidir leis na ceadanna cónaithe go léir arna n-eisiúint, ar faisnéis í a bhaineann leis an gcead chun oibre, gan beann ar chineál an cheada nó ar an gcead cónaithe ar ar a bhonn a ligeadh an náisiúnach tríú tír isteach agus a tugadh rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin dó.	(17) Ba cheart an cead aonair a tharraingt suas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle[42], rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát tuilleadh faisnéise a chur isteach, go háirithe maidir le cé acu a cheadaítear don duine dul ag obair nó nach gceadaítear. Ba cheart do Bhallstát faisnéis a léiriú, *inter alia*, chun críche rialú níos fearr a dhéanamh ar imirce, ní hamháin maidir leis an gcead aonair ach maidir leis na ceadanna cónaithe go léir arna n-eisiúint, ar faisnéis í a bhaineann leis an gcead chun oibre, gan beann ar chineál an cheada nó ar an gcead cónaithe ar ar a bhonn a ligeadh an náisiúnach tríú tír isteach agus a tugadh rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin dó. ***Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar fhaisnéis den sórt sin, lena n-áirítear aon athruithe uirthi, a thabhairt don náisiúnach tríú tír.***
[42] Rialachán (CE) Uimh, 1030/2022 an 13 Meitheamh 2019 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach i gcomhair ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tíre (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1).	[42] Rialachán (CE) Uimh, 1030/2022 an 13 Meitheamh 2019 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach i gcomhair ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tíre (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1).

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) ***Le forálacha na Treorach seo maidir leis*** an gcead aonair agus ***maidir leis*** an gcead cónaithe a eisítear chun críocha nach críocha oibre iad, ***níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit*** doiciméad ***páipéir breise a eisiúint le gur féidir faisnéis níos cruinne a thabhairt*** maidir leis an gcaidreamh fostaíochta mar níl a dhóthain spáis i bhformáid an cheada	(19) ***Ba cheart do na Ballstáit, sa bhreis ar*** an gcead aonair agus an cead cónaithe a eisítear chun críocha seachas an obair, doiciméad ***a eisiúint*** ina ***dtugtar*** faisnéis níos cruinne maidir leis an ***gconradh nó*** caidreamh fostaíochta, ar faisnéis í nach bhfágtar a dhóthain spáis di i bhformáid an cheada cónaithe. ***Ba cheart*** go bhfeidhmeodh doiciméad den sórt chun

cónaithe don fhaisnéis sin. ***Féadfaidh*** doiciméad den sórt sin cuidiú le dúshaothrú náisiúnach tríú tír a chosc agus cur in aghaidh fostaíochta neamhdhleathaí ach ***ba cheart é a bheith roghnach do na Ballstáit agus*** níor cheart é a úsáid mar mhalairt ar chead oibre, rud a chuirfeadh coincheap an cheada aonair féin ó mhaith. Féidearthachtaí teicniúla a thairgtear le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 agus pointe (a)20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis, is féidir iad a úsáid freisin chun an fhaisnéis sin a stóráil i bhformáid leictreonach.

dúshaothrú náisiúnach tríú tír a chosc***, lena n-áirítear ó thaobh gnéithe inscne an dúshaothraithe de,*** agus chun an fhostaíocht neamhdhleathach a chomhrac, ach níor cheart go bhfeidhmeodh sé in ionad cead oibre, rud a chuirfeadh coincheap an cheada aonair i mbaol***. Níor cheart gur athrú fostóra i gcónaí chun críocha an cheada aonair a bheadh sna hathruithe ar na coinníollacha fostaíochta atá sa doiciméad sin. Ba cheart faisnéis faoi dhálaí oibre a chur ar fáil d'údaráis inniúla, amhail cigireachtaí saothair, seirbhísí fostaíochta poiblí nó institiúidí slándála sóisialta chun cearta oibrithe tríú tír a ráthú go héifeachtach***. Féidearthachtaí teicniúla a thairgtear le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 agus pointe (a)20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis, is féidir iad a úsáid freisin chun an fhaisnéis sin a stóráil i bhformáid leictreonach.

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) In éagmais reachtaíocht chothrománach de chuid an Aontais, bíonn éagsúlacht idir cearta náisiúnach tríú tír, de réir an Bhallstáit ina n-oibríonn siad agus de réir a náisiúntachta. D'fhonn beartas inimirce comhleanúnach a fhorbairt níos mó agus d'fhonn an mhíréir idir cearta shaoránaigh an Aontais agus náisiúnach tríú tír atá ag obair go dleathach i mBallstát a laghdú agus d'fhonn an acquis atá ann maidir le hinimirce a chomhlánú, ba cheart tacar ceart a leagan síos, go háirithe chun na réimsí lena bhforáiltear cóir chomhionann idir náisiúnaigh Ballstáit agus na náisiúnaigh tríú tír sin nach cónaitheoirí fadtéarmacha iad go fóill a shonrú. Is é is aidhm do na forálacha sin cothrom na Féinne a thabhairt laistigh den	(22) In éagmais reachtaíocht chothrománach de chuid an Aontais, bíonn éagsúlacht idir cearta náisiúnach tríú tír, de réir an Bhallstáit ina n-oibríonn siad agus de réir a náisiúntachta. D'fhonn beartas inimirce comhleanúnach a fhorbairt níos mó agus d'fhonn an mhíréir idir cearta shaoránaigh an Aontais agus náisiúnach tríú tír atá ag obair go dleathach i mBallstát a laghdú agus d'fhonn an acquis atá ann maidir le hinimirce a chomhlánú, ba cheart tacar ceart a leagan síos, go háirithe chun na réimsí lena bhforáiltear cóir chomhionann idir náisiúnaigh Ballstáit agus na náisiúnaigh tríú tír sin nach cónaitheoirí fadtéarmacha iad go fóill a shonrú. Is é is aidhm do na forálacha sin cothrom na Féinne a thabhairt laistigh den

Aontas, a aithint go rannchuidíonn na náisiúnaigh tríú tír sin le geilleagar an Aontais trína n-obair agus trína n-íocaíochtaí cánach agus is é is aidhm dóibh freisin feidhmiú mar choimirce chun an iomaíocht mhíchothrom idir náisiúnaigh Ballstáit agus náisiúnaigh tríú tír a laghdú, rud a d'fhéadfadh eascairt as dúshaothrú na náisiúnach tríú tír sin. Gan dochar don léirmhíniú ar choincheap an chaidrimh fostaíochta i bhforálacha eile de dhlí an Aontais, ba cheart oibrí tríú tír faoin Treoir seo a shainiú mar náisiúnach tríú tír a ligeadh isteach i gcríoch Ballstáit, a bhfuil cónaí dleathach air inti agus a bhfuil cead aige a bheith ag obair inti i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta nó, i gcomhthéacs caidrimh ***a bhfuil pá ag gabháil leis***.	Aontas, a aithint go rannchuidíonn na náisiúnaigh tríú tír sin le geilleagar an Aontais trína n-obair agus trína n-íocaíochtaí cánach agus is é is aidhm dóibh freisin feidhmiú mar choimirce chun an iomaíocht mhíchothrom idir náisiúnaigh Ballstáit agus náisiúnaigh tríú tír a laghdú, rud a d'fhéadfadh eascairt as dúshaothrú na náisiúnach tríú tír sin. ***I ndáil leis an méid sin, ba cheart aird níos mó a thabhairt ar na gnéithe inscne agus ar imirce lucht saothair a bhaineannú.*** Gan dochar don léirmhíniú ar choincheap an chaidrimh fostaíochta i bhforálacha eile de dhlí an Aontais, ba cheart oibrí tríú tír faoin Treoir seo a shainiú mar náisiúnach tríú tír a ligeadh isteach i gcríoch Ballstáit, a bhfuil cónaí dleathach air inti agus a bhfuil cead aige a bheith ag obair inti, i gcomhthéacs ***conartha fostaíochta nó*** caidrimh ***fostaíochta*** i gcomhréir leis an dlí náisiúnta***, le comhaontuithe comhchoiteanna, leis an gcleachtas náisiúnta, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh***.
Leasú 14	
Togra le haghaidh Treorach **Aithris 25**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Ba cheart, le dálaí oibre dá dtagraítear sa Treoir seo, ***pá*** agus dífhostú ar a laghad, sláinte agus sábháilteacht sa láthair oibre, uaireanta oibre agus saoire a chumhdach, agus na comhaontuithe comhchoiteanna atá i bhfeidhm á gcur san áireamh.	(25) Ba cheart, le dálaí oibre ***cuibhiúla*** dá dtagraítear sa Treoir seo, ***na téarmaí fostaíochta, luach saothair, lena n-áirítear pá íosta,*** agus dífhostú ar a laghad, sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, uaireanta oibre agus saoire a chumhdach***,*** agus na comhaontuithe comhchoiteanna atá i bhfeidhm á gcur san áireamh***, chomh maith leis an gceart eagrúcháin agus an ceart chun dul ar stailc***.
Leasú 15	

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart do Bhallstát aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a fuair náisiúnach tríú tír i mBallstát eile ar an dóigh chéanna a dtugtar aitheantas do cháilíochtaí shaoránaigh an Aontais agus ba cheart cáilíochtaí a fuarthas i dtríú tír a chur san áireamh i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47]. An ceart chun cóir chomhionann a fháil a dheonaítear d'oibrithe tríú tír maidir le haitheantas a thabhairt do dhioplómaí, do theastais agus do cháilíochtaí gairmiúla eile i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta ábhartha, ba cheart é a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát na hoibrithe tríú tír sin a ligean isteach ina margadh saothair.	(26) Ba cheart do Bhallstát aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla ***agus ceirde*** a fuair náisiúnach tríú tír i mBallstát eile ar an dóigh chéanna a dtugtar aitheantas do cháilíochtaí shaoránaigh an Aontais agus ba cheart cáilíochtaí a fuarthas i dtríú tír a chur san áireamh i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47]. An ceart chun cóir chomhionann a fháil a dheonaítear d'oibrithe tríú tír maidir le haitheantas a thabhairt do dhioplómaí, do theastais agus do cháilíochtaí gairmiúla eile i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta ábhartha, ba cheart é a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát na hoibrithe tríú tír sin a ligean isteach ina margadh saothair.
[47] Treoir 2005/36/CE i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).	[47] Treoir 2005/36/CE i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Ba cheart an chóir chomhionann a bheith ag oibrithe tríú tír maidir le slándáil shóisialta. Sainítear brainsí den tslándáil shóisialta i Rialachán (AE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] . Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le cóir chomhionann i ndáil le slándáil shóisialta sa Treoir seo maidir le hoibrithe a ligtear isteach i mBallstát go díreach ó thríú tír. ***Bíodh sin mar atá, níor cheart, leis an Treoir seo,***	(27) Ba cheart an chóir chomhionann a bheith ag oibrithe tríú tír maidir le slándáil shóisialta***, lena n-áirítear iniomparthacht na gceart***. Sainítear brainsí den tslándáil shóisialta i Rialachán (AE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] . Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le cóir chomhionann i ndáil le slándáil shóisialta sa Treoir seo maidir le hoibrithe a ligtear isteach i mBallstát go díreach ó thríú tír. ***Ba cheart***

níos mó cearta a thabhairt d'oibrithe tríú tír ná mar a thugtar cheana féin i ndlí an Aontais atá ann cheana i réimse na slándála sóisialta maidir le náisiúnaigh tríú tír i gcásanna trasteorann.	***cóir chomhionann a chur ar*** náisiúnaigh tríú tír atá i gcásanna trasteorann ***maidir leis na cearta dá bhforáiltear i ndlí an Aontais i réimse na slándála sóisialta***.
[48] Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).	[48] Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ní chuirtear, le dlí an Aontais, aon teorainn le cumhacht na mBallstát a scéimeanna slándála sóisialta a reáchtáil. Is faoi gach Ballstát atá sé na coinníollacha a leagan síos faoina ndéantar sochair slándála sóisialta a dheonú, chomh maith leis an méid atá i gceist leis na sochair sin agus an tréimhse dá ndeonaítear iad. Agus na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú ag na Ballstáit, áfach, ba cheart dóibh dlí an Aontais a chomhlíonadh.	(29) Ní chuirtear***, agus níor cheart go gcuirfí,*** le dlí an Aontais, aon teorainn le cumhacht na mBallstát a scéimeanna slándála sóisialta a reáchtáil. Is faoi gach Ballstát atá sé na coinníollacha a leagan síos faoina ndéantar sochair slándála sóisialta a dheonú, chomh maith leis an méid atá i gceist leis na sochair sin agus an tréimhse dá ndeonaítear iad. Agus na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú ag na Ballstáit, áfach, ba cheart dóibh dlí an Aontais a chomhlíonadh.

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Chun an chóir chomhionann d'oibrithe tríú tír a threisiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha in aghaidh fostóirí i gcás sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna	(31) Chun an chóir chomhionann d'oibrithe tríú tír a threisiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha in aghaidh fostóirí i gcás sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna

nglacadh de bhun na Treorach seo, go háirithe maidir le dálaí oibre, saoirse comhlachais agus cleamhnachta ***agus rochtain ar shochair slándála sóisialta***.	nglacadh de bhun na Treorach seo, go háirithe maidir le dálaí oibre, ***rochtain ar shochair slándála sóisialta, cearta saothair, lena n-áirítear*** saoirse comhlachais agus cleamhnachta***, an ceart comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích, an ceart gníomhaíocht thionsclaíoch a dhéanamh agus an ceart dul ar stailc, prionsabal an phá chomhionainn as obair ar comhionann a luach, cosaint i gcoinne saothar éigeantais agus saothar leanaí, agus cosaint ar idirdhealú***.

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Chun forfheidhmiú cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sásraí iomchuí i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhostóirí agus***, i gcás inarb iomchuí,*** go ndéanfar cigireachtaí éifeachtacha agus leordhóthanacha ar a gcríocha faoi seach. Ba cheart roghnú na bhfostóirí a mbeidh cigireacht le déanamh orthu a bheith bunaithe go príomha ar mheasúnú riosca a bheidh le déanamh ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus aird á tabhairt ar thosca amhail an earnáil ina n-oibríonn cuideachta agus aon taifead a bhí ann roimhe sin maidir le sárú.	(32) Chun forfheidhmiú cuí na Treorach seo a áirithiú***, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, go háirithe ceardchumainn, agus i gcomhréir le Coinbhinsiún Uimh. 81 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Cigireacht Saothair,*** go bhfuil sásraí iomchuí i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhostóirí agus go ndéanfar cigireachtaí éifeachtacha***, rialta agus neamhfhógartha,*** agus cigireachtaí leordhóthanacha ar a gcríocha faoi seach***, chun sáruithe ar an dlí saothair agus sóisialta a bhrath, chun dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú***. ***Is dóiche fós i gcás oibrithe tríú tír go ndéanfar sárú ar a gcearta agus ar a ndálaí oibre ná í gcás grúpaí eile oibrithe. Dá bhrí sin,*** ba cheart roghnú na bhfostóirí a mbeidh cigireacht le déanamh orthu a bheith bunaithe go príomha ar mheasúnú riosca a bheidh le déanamh ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus aird á tabhairt ar thosca amhail an earnáil ina n-oibríonn cuideachta agus aon taifead a bhí ann roimhe sin maidir le sárú. ***Is mó an seans go mbeadh náisiúnaigh tríú tír ag obair in***

	earnálacha arb eol gur mó an baol iontu go ndéanfaí sáruithe ar chaighdeáin saothair. Chun forfheidhmiú cuí na Treorach seo a fheabhsú agus chun deachleachtais a mhalartú idir na Ballstáit, tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar phatrúin chur i bhfeidhm, athnuachan agus tarraingt siar ceadanna aonair.

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Ba cheart do na Ballstáit sásraí éifeachtacha a chur i bhfeidhm freisin trínar féidir le hoibrithe tríú tír sásamh dlíthiúil a lorg agus gearáin a thaisceadh go díreach nó trí thríú páirtithe a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú, amhail ceardchumainn nó comhlachais eile, nó údaráis inniúla. Meastar gur gá sin chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach bhfuil oibrithe tríú tír ar an eolas faoi shásraí forfheidhmiúcháin a bheith ann nó go bhfuil drogall orthu iad a úsáid ina n-ainm féin, mar shampla gan eagla a bheith orthu go mbeadh iarmhairtí ann.	(33) Ba cheart do na Ballstáit sásraí ***atá tráthúil, trédhearcacha, íogair ó thaobh inscne de agus*** éifeachtach a chur i bhfeidhm freisin trínar féidir le hoibrithe tríú tír sásamh dlíthiúil a lorg agus gearáin a thaisceadh go díreach nó trí thríú páirtithe a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú, amhail ceardchumainn nó comhlachais eile, ***an tÚdarás Eorpach Saothair*** nó údaráis inniúla***. Agus an cead aonair á dheonú, ba cheart na sásraí rochtana le haghaidh réiteach díospóidí agus sásamh dlíthiúil agus gearáin a chomhdú a chur in iúl do na náisiúnaigh tríú tír ar bhealach inrochtana, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis sin a chur ar fáil i dteangacha ábhartha is féidir leis na náisiúnaigh tríú tír a thuiscint***. Meastar gur gá sin chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach bhfuil oibrithe tríú tír ar an eolas faoi shásraí forfheidhmiúcháin a bheith ann nó go bhfuil drogall orthu iad a úsáid ina n-ainm féin, mar shampla gan eagla a bheith orthu go mbeadh iarmhairtí ann.

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33a) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart d'údaráis na mBallstát aird ar leith a thabhairt ar ról na ngníomhaireachtaí earcaíochta. Cé go bhféadfadh gníomhaireachtaí earcaíochta nósanna imeachta d'iarratasóirí a éascú, ba cheart aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le hidirghabháil tríú páirtí amhail ionadú conartha, táillí díréireacha agus iomarcacha, bannaí fiachais agus cleachtais dhúshaothraithe eile, i gcomhar le ceardchumainn agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, trí fhaisnéis a sholáthar d'iarratasóirí féideartha agus do shealbhóirí ceadanna, trí fhaireachán agus pionóis agus trí ghearáin agus sásamh dlíthiúil a éascú. I gcomhréir le prionsabail EIS, is féidir leis na Ballstáit foráil a dhéanamh nár cheart costais na dtáillí earcaíochta agus na gcostais ghaolmhara a bheith á n-iompar ag náisiúnaigh tríú tír .

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Ba cheart a údarú leis an gcead aonair don náisiúnach tríú tír an fostóir ***a athrú*** le linn thréimhse a bhailíochta. Ba cheart do na Ballstáit ***a bheith in ann*** a cheangal go dtabharfaí fógra faoin athrú ***agus*** go ndéanfaí seiceáil ar staid an mhargaidh saothair ina dtarlaíonn athrú fostóra. Níor cheart an cead aonair a tharraingt siar laistigh de thréimhse ***trí*** mhí ar a laghad i gcás ina mbeadh sealbhóir an cheada dífhostaithe.	(34) Ba cheart a údarú leis an gcead aonair don náisiúnach tríú tír ***fostaíocht a lorg agus conradh fostaíochta a chur i gcrích le*** fostóir ***eile*** le linn thréimhse a bhailíochta. Ba cheart do na Ballstáit a cheangal go dtabharfaí fógra faoin athrú ***fostóra agus faoi aon fhaisnéis a bhaineann leis an gconradh fostaíochta nó leis an gcaidreamh fostaíochta, roimh an gcéad lá oibre, agus ba cheart go mbeadh siad in ann*** na caighdeáin saothair a sheiceáil***, lena n-áirítear seiceáil ar*** staid

	mhargadh an tsaothair***, i gcás inarb ann dó,*** i gcás ina dtarlaíonn athrú fostóra ***go hearnáil eile fostaíochta agus sa chás sin amháin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfeadfaidh sealbhóirí cead aonair leanúint lena gconradh reatha fostaíochta nó lena gcaidreamh reatha fostaíochta leis an bhfostóir céanna agus iad i mbun an phróisis athnuachana. Is é cuspóir don nós imeachta cumarsáide faireachán a dhéanamh ar chaighdeáin saothair agus ar chearta slándála sóisialta agus iad a fhorfheidhmiú***. Níor cheart an cead aonair a tharraingt siar laistigh de thréimhse ***naoi*** mí ar a laghad i gcás ina mbeadh sealbhóir an cheada dífhostaithe. ***I gcás náisiúnaigh tríú tír gan bheith in ann obair a dhéanamh de dheasca toirchis, míchumais, díobhála, tionóisce nó galair, go háirithe i gcás ina mbaineann an míchumas, an díobháil, an tionóisc nó an galar leis an obair, ba cheart do na Ballstáit na himthosca aonair a mheasúnú agus ba cheart dóibh a bheith in ann síneadh a chur leis an tréimhse naoi mí.***

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Leagtar síos sa Treoir seo na nithe seo a leanas:	1. Leagtar síos sa Treoir seo***, i gcomhréir le cearta bunúsacha mar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le cearta an duine***:

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do chumhachtaí na mBallstát maidir le méid ligean isteach náisiúnaigh tríú tír a thagann ó thríú tíortha chun fostaíocht a lorg .	2. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do chumhachtaí na mBallstát maidir le líon cead isteach na náisiúnach tríú tíortha a thagann ó thríú tíortha chun fostaíocht a lorg ***ar a margaí saothair***.

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ciallaíonn ‘oibrí tríú tír’ náisiúnach tríú tír ***a ligeadh isteach i gcríoch Ballstáit agus*** a bhfuil cónaí dleathach air inti agus a bhfuil cead aige a bheith ag obair inti i gcomhthéacs caidrimh fostaíochta sa Bhallstát ***sin*** i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó lena chur i bhfeidhm sin;	(b) ciallaíonn ‘oibrí tríú tír’ náisiúnach tríú tír bhfuil cónaí dlíthiúil air nó uirthi ar ***chríoch*** Ballstáit agus a gceadaítear dó nó di oibriú ar an gcríoch sin i gcomhthéacs ***conradh fostaíochta nó*** caidreamh fostaíochta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta***, le comhaontuithe comhchoiteanna,*** nó leis an gcleachtas náisiúnta***, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh***;

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) náisiúnaigh tríú tír a dhéanann iarratas ar chónaí i mBallstát chun críche oibre;	(a) náisiúnaigh tríú tír a dhéanann iarratas ar chónaí i mBallstát chun ***obair a dhéanamh ina mhargadh saothair***;

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach i mBallstát chun críocha eile seachas críocha oibre i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, a gceadaítear dóibh obair a dhéanamh agus a bhfuil cead cónaithe acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002; ***agus***	(b) náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach i mBallstát chun críocha eile seachas críocha oibre i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, a gceadaítear dóibh obair a dhéanamh agus a bhfuil cead cónaithe acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002;

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) a chumhdaítear faoi ***Threoir*** 96/71/CE fad is atá siad ar postú ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann ;	(c) a chumhdaítear le ***Treoracha*** 96/71/CE***, 2014/67/AE, (AE) 2018/957 agus (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,*** chomh fada agus atá siad ar postú ***go hiarbhír*** ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann;

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***a bhfuil iarratas déanta acu ar ligean isteach i gcríoch Ballstáit mar oibrithe séasúracha , nó a ligeadh isteach inti cheana i gcomhréir le Treoir 2014/36/AE nó mar dhaoine au pair i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/801 ;***	***scriosta***

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) ***atá údaraithe chun cónaí a dhéanamh i mBallstát ar bhonn cosaint shealadach, nó a bhfuil iarratas déanta acu ar údarú chun cónaí a dhéanamh ann ar an mbonn sin agus atá ag fanacht le cinneadh ar a stádas;***	***scriosta***

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 2 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) a bhfuil iarratas déanta acu ar ligean isteach mar mharaithe, nó a ligeadh isteach sa cháil sin chun dul i mbun fostaíochta nó oibre in aon cháil ar bord soitheach atá cláraithe i mBallstát nó atá ag cur chun farraige faoi bhratach Ballstáit.	***scriosta***

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach bhfuil feidhm ag Caibidil II maidir le náisiúnaigh tríú tír a údaraíodh chun obair a dhéanamh i gcríoch Ballstáit ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí, nó a ligeadh isteach i mBallstát chun críche staidéir.	3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach bhfuil feidhm ag Caibidil II maidir le náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach chun críche staidéir ***i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/801***.

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfear isteach iarratas ar chead aonair a eisiúint, a leasú nó a athnuachan trí bhíthin nós imeachta um iarratas aonair. Cinnfidh na Ballstáit an é an náisiúnach tríú tír nó a fhostóir a chuirfidh iarratais isteach ar chead aonair. ***Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do cheachtar acu iarratas a chur isteach.*** Más rud é gurb é an náisiúnach tríú tír a chuirfidh an t-iarratas isteach, ceadóidh na Ballstáit go dtabharfar an t-iarratas isteach ó thríú tír agus ó chríoch an Bhallstáit a bhfuil náisiúnach tríú tír ann go dleathach araon .	1. Cuirfear isteach iarratas ar chead aonair a eisiúint, a leasú nó a athnuachan trí bhíthin nós imeachta um iarratas aonair. ***Ceadóidh*** na Ballstáit iarratais ar chead aonair arna ndéanamh ag an náisiúnach tríú tír ***nó*** ag fostóir an náisiúnaigh triú tír. ***I gcás*** inarb é an náisiúnach tríú tír a chuireann an t-iarratas isteach, ceadóidh na Ballstáit go dtabharfar an t-iarratas isteach ó thríú tír agus ar chríoch an Bhallstáit a bhfuil an náisiúnach tríú tír ann go dleathach. ***I gcás inarb é an fostóir a chuireann an t-iarratas isteach, áiritheoidh údaráis na mBallstát go ndéanfar an náisiúnach tríú tír ar thar a cheann a cuireadh an t-iarratas isteach a choinneáil ar an eolas go rialta faoi stádas an iarratais le linn na phróisis, agus faoi thoradh an iarratais.***

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Tabharfar an rogha d'iarratasóirí roghnú idir soláthar cianseirbhíse agus soláthar seirbhíse ar an láthair, agus beidh an deis acu doiciméid ábhartha don nós imeachta a chur isteach i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm pháipéir.

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh faoin iarratas ina iomláine a luaithe agus is	Glacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh ***agus tabharfaidh sé fógra don iarratasóir***

féidir agus i gcás ar bith laistigh de cheithre mhí ón uair a cuireadh an t-iarratas isteach.	faoin iarratas ina iomláine a luaithe agus is féidir agus i gcás ar bith laistigh de ***90 lá*** ón uair a cuireadh an t-iarratas isteach.

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír cumhdófar léi seiceáil staid an mhargaidh saothair agus eisiúint an víosa riachtanaigh dá dtagraítear in Airteagal 4(3). Féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcásanna eisceachtúla a bhaineann le castacht an scrúduithe a dhéanfar ar an iarratas.	Maidir leis an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír cumhdófar léi seiceáil ***na gcritéar agus na gcoinníollacha d'eisiúint ceada mar a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta*** agus eisiúint an víosa riachtanaigh dá dtagraítear in Airteagal 4(3). Féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcásanna eisceachtúla a bhaineann le castacht an scrúduithe a dhéanfar ar an iarratas. ***I gcás síneadh a chur leis an teorainn ama, tabharfaidh an Ballstát fógra don iarratasóir roimh an spriocdháta agus tabharfaidh sé cúiseanna i scríbhinn maidir leis na himthosca eisceachtúla as ar eascair an síneadh chomh maith le meastachán ar an am faoina bhféadfadh an t-iarratasóir a bheith ag súil le freagra deiridh.***

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás nach bhfuil cinneadh déanta laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa mhír sin, is leis an dlí náisiúnta a dhéanfar aon iarmhairt a chinneadh.	I gcás nach bhfuil cinneadh déanta laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa mhír seo, ***déanfar aon táille arna cheangal ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 10 a aisíoc leis an iarratasóir.*** Cinnfear iarmhairtí ***breise*** leis an dlí náisiúnta ***agus beidh siad ina rannchuidiú le cur chun feidhme éifeachtach na dteorainneacha***

ama. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dóthain acmhainní daonna, ábhair agus TF ann chun na teorainneacha ama sin a chomhlíonadh.

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise maidir le caidreamh fostaíochta an náisiúnaigh tríú tír (amhail ainm agus seoladh an fhostóra, an láthair oibre, an cineál oibre, uaireanta oibre, luach saothar) a léiriú i bhformáid pháipéir, nó na sonraí sin a stóráil i bhformáid leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh 1030/2002 agus i bpointe (a)20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis.	***Déanfaidh*** na Ballstáit faisnéis bhreise a bhaineann le ***coinníollacha oibre i gconradh nó i g***caidreamh fostaíochta an náisiúnaigh tríú tír, ***roimh an gcéad lá oibre, ar a laghad*** ainm agus seoladh an fhostóra, ***gnáth***áit oibre, cineál oibre, uaireanta oibre, luach saothair) a léiriú i bhformáid páipéir, nó sonraí den sórt sin a stóráil i formáid leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 agus i bpointe (a)20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis. ***Deonóidh na Ballstáit rochtain ar an bhfaisnéis sin don náisiúnach tríú tír agus ar aon athruithe uirthi.***

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise maidir le caidreamh fostaíochta an náisiúnaigh tríú tír (amhail ainm agus seoladh an fhostóra, an láthair oibre, an cineál oibre, uaireanta oibre, luach saothar) a léiriú i bhformáid pháipéir, nó na sonraí sin a stóráil i bhformáid leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh 1030/2002 agus i bpointe (a)20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis.	***Déanfaidh*** na Ballstáit faisnéis bhreise a bhaineann le ***conradh nó*** caidreamh fostaíochta an náisiúnaigh tríú tír, ***ar a laghad*** ainm agus seoladh an fhostóra, ***gnáth***áit oibre, cineál oibre, uaireanta oibre, luach saothair) a léiriú i bhformáid páipéir, agus sonraí den sórt sin a stóráil i formáid leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 agus i bpointe (a)20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis. ***Deonóidh na***

	Ballstáit rochtain ar an bhfaisnéis sin don náisiúnach tríú tír agus ar aon athruithe uirthi.

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Arna iarraidh sin dóibh, >D>cuirfidh<D< déanfaidh na Ballstáit:	Arna iarraidh sin dóibh, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a chur ar fáil ar bhealach a mbeidh rochtain éasca air agus ***a sholáthar saor in aisce agus i dteanga is féidir leis an náisiúnach tríú tír a thuiscint***:

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) faisnéis maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe, lena n-áirítear cearta, oibleagáidí agus coimircí nós imeachta na náisiúnach tríú tír agus a mball teaghlaigh.	(b) faisnéis maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe, lena n-áirítear cearta, oibleagáidí agus coimircí nós imeachta na náisiúnach tríú tír agus a mball teaghlaigh, ***chomh maith le faisnéis maidir leis na táillí is infheidhme faoi Airteagal 10.***

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag náisiúnaigh tríú tír ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis sin a sholáthar freisin, arna iarraidh sin, do

	chomhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Táillí	Táillí ***agus costais***

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh sé go n-iarrfaidh na Ballstáit ar iarrthóirí táillí a íoc, i gcás inarb iomchuí, as ucht iarratais a phróiseáil i gcomhréir leis an Treoir seo. Beidh leibhéal na dtáillí sin comhréireach agus féadfaidh siad a bheith bunaithe ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil go fírinneach maidir le hiarratais a phróiseáil agus ceadanna a eisiúint.	Féadfaidh sé go n-iarrfaidh na Ballstáit ar iarrthóirí táillí a íoc, i gcás inarb iomchuí, as ucht iarratais a phróiseáil ***chun cead aonair a eisiúint, a leasú agus a athnuachan*** i gcomhréir leis an Treoir seo. Beidh leibhéal na dtáillí sin comhréireach***, inacmhainne*** agus féadfaidh siad a bheith bunaithe ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil go fírinneach maidir le hiarratais a phróiseáil agus ceadanna a eisiúint. ***I gcás ina n-íocann náisiúnach tríú tír táillí den sórt sin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh sé nó sí i dteideal aisíocaíochta ón bhfostóir. I gcás ina n-íocfaidh an náisiúnach tríú tír costais a bhaineann leis an nós imeachta iarratais, amhail costais earcaíochta, taistil nó aistriúcháin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhfuil sé nó sí i dteideal aisíocaíocht a fháil ón bhfostóir. Nuair a íocann fostóirí táillí nó costais den sórt sin, ní bheidh siad inghnóthaithe ón náisiúnach tríú tír.***

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás inar eisíodh cead aonair , údarófar leis an gcead sin an méid seo a leanas dá shealbhóir le linn a thréimhse bailíochta:	1. ***Áiritheoidh na Ballstáit***, i gcás inar eisíodh cead aonair, go n-údaróidh sé, le linn a thréimhse bailíochta ***agus, i gcásanna inar tíolacadh iarratas ar an gcead aonair a leasú nó a athnuachan, go dtí go dtabharfar na nósanna imeachta sin chun críche***, an méid seo a leanas ar a laghad dá shealbhóir:

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) go gcuirtear cearta an tsealbhóra féin a bhaineann leis an gcead a thugtar leis an Treoir seo agus/nó leis an dlí náisiúnta, go gcuirtear sin in iúl do shealbhóir an cheada.	(d) go gcuirfear ar an eolas é faoi chearta an tsealbhóra féin atá nasctha leis an gcead a thugtar leis an Treoir seo, le ***dlí an Aontais***, leis an dlí náisiúnta ***agus leis an gcleachtas náisiúnta, go háirithe cearta sóisialta agus saothair agus comhaontuithe comhchoiteanna, maidir le nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh, sásraí rochtana chun díospóidí a réiteach agus sásamh dlíthiúil a fháil, chomh maith le sonraí teagmhála eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe, go háirithe ceardchumainn, cigireachtaí saothair náisiúnta, an tÚdarás Eorpach Saothair, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus cúnamh dlíthiúil eile atá ar fáil faoin dlí náisiúnta;***

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) an cead agus a ndoiciméid aitheantais a fháil agus a choinneáil i bhformáid pháipéir agus a bheith in ann rochtain a fháil ar an gcead i bhformáid leictreonach, agus ag an am céanna cosc a chur ar chás inarb é an fostóir amháin a choinníonn na doiciméid;

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(db) cuirfear ar an eolas é faoi na critéir agus na coinníollacha chun an cead a eisiúint mar a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear aon seiceálacha ar staid mhargadh an tsaothair i gcás inarb ann dóibh, agus cearta agus nósanna imeachta a bhaineann leis an athrú fostóra de bhun mhíreanna 2, 3 agus4 d'Airteagal 11;

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe d c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(dc) a bheith ar an eolas faoi chearta slándála sóisialta a fuarthas agus faoina n-inaistritheacht, faoin gcúnamh faisnéise agus faoin tacaíocht atá ar fáil agus iad ag aistriú ó na Ballstáit a d'eisigh an cead i gcomhréir le hAirteagal 12;

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Laistigh den tréimhse bhailíochta dá dtagraítear i mír 1, ceadóidh na Ballstáit do shealbhóir ceada aonair a bheith fostaithe ag fostóir nach ionann é agus an chéad fhostóir lenar thug sealbhóir an cheada conradh fostaíochta i gcrích.	2. Laistigh den tréimhse bailíochta dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit:

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 2 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) cead a thabhairt do shealbhóir ceada aonair a bheith fostaithe ag fostóir nach ionann é agus an chéad fhostóir lenar thug sealbhóir an cheada conradh fostaíochta i gcrích.

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 2 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) a cheangal go ndéanfaidh an fostóir nua an t-athrú ar fhostóir a chur in iúl, roimh an gcéad lá oibre, do na húdaráis inniúla sa Bhallstát lena mbaineann, lena soláthrófar ar a laghad faisnéis faoi ainm agus seoladh an fhostóra, an ghnátháit oibre, an cineál oibre, uaireanta oibre, agus luach saothair, i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos sa dlí náisiúnta; Má chuireann an fostóir nua an fhaisnéis sin in iúl go mícheart, ní dhéanfar difear do chearta an náisiúnaigh tríú tír mar a

	leagtar amach san Airteagal seo;

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 2 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c) dearbhú glactha a chur chuig an bhfostóir nua agus chuig an náisiúnach tríú tír a luaithe a fhaightear an tairiscint fostaíochta;

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Laistigh den tréimhse bhailíochta dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh na Ballstáit:	Laistigh den tréimhse bhailíochta dá dtagraítear i mír 1, ní fhéadfaidh na Ballstáit ***a cheangal nach mbeidh athrú fostóra faoi réir seiceáil ar staid mhargadh an tsaothair ach amháin i gcás ina bhfuil seiceálacha den sórt sin ann, i gcás ina n-athraítear an earnáil fostaíochta.***

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***ceangal a chur go gcuirfear athrú fostóra in iúl do na húdaráis inniúla sa Bhallstát lena mbaineann, i gcomhréir le nósanna imeachta a leagtar síos sa dlí náisiúnta,***	***scriosta***

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***a cheangal go mbeidh athrú fostóra faoi réir seiceáil ar staid an mhargaidh saothair.***	***scriosta***

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfar ceart shealbhóir aonair an cheada an t-athrú fostóra sin a shaothrú a chur ar fionraí ar feadh uastréimhse 30 lá agus seiceálfaidh an Ballstát lena mbaineann go bhfuil na ceanglais a leagtar síos le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta á gcomhlíonadh. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cur i gcoinne an athraithe fostaíochta laistigh de na 30 lá sin.	Féadfar ceart shealbhóir aonair an cheada an t-athrú fostóra sin a shaothrú a chur ar fionraí ar feadh uastréimhse 30 lá agus seiceálfaidh an Ballstát lena mbaineann go bhfuil na ceanglais a leagtar síos le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta á gcomhlíonadh***, lena n-áirítear aon seiceálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo***. ***Ceanglóidh an Ballstát go bhfuil na téarmaí fostaíochta agus na coinníollacha oibre i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, lena n-áirítear comhaontuithe comhchoiteanna.*** Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cur i gcoinne an athraithe fostaíochta laistigh den 30 lá sin, ***go háirithe má mheasann an Ballstát go bhfuil baol dúshaothraithe ann. Agus fostóir á athrú, beidh sealbhóir an cheada aonair incháilithe chun leanúint de bheith ag obair don fhostóir reatha nó chun tabhairt faoi thréimhse dífhostaíochta. Cuirfear sealbhóir an cheada aonair ar an eolas faoi stádas na seiceálacha go rialta le linn an phróisis, agus faoin toradh a bheidh orthu.***

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Laistigh den tréimhse bhailíochta dá dtagraítear i mír 1, ní tharraingeofar siar an cead aonair le linn tréimhse 3 mhí ar a laghad i gcás ina mbeidh sealbhóir an cheadúnais dífhostaithe. Ceadóidh na Ballstáit don náisiúnach tríú tír fanacht ina gcríoch go dtí go mbeidh cinneadh déanta ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le mír 3, pointe (b), de réir mar is ábhartha, fiú má théann an tréimhse sin de 3 mhí ar a laghad in éag.	4. Laistigh den tréimhse bhailíochta dá dtagraítear i mír 1, ní tharraingeofar siar an cead aonair le linn tréimhse ***naoi*** mhí ar a laghad i gcás ina mbeidh sealbhóir an cheada ***aonair*** dífhostaithe. Ceadóidh na Ballstáit don náisiúnach tríú tír fanacht ina gcríoch go dtí go mbeidh cinneadh déanta ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le mír 3, pointe (b), de réir mar is ábhartha, fiú má théann an tréimhse sin de naoi mhí ar a laghad in éag***, ionas go mbeidh an náisiúnach tríú tír in ann fostaíocht eile a aimsiú***. ***Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar imthosca aonair náisiúnaigh tríú tír agus féadfaidh siad síneadh a chur leis an tréimhse sin i gcás éagumas náisiúnaigh tríú tír chun oibre mar gheall ar thoircheas, míchumas, gortú, tionóisc nó galar, go háirithe i gcás ina mbaineann an míchumas, an gortú, an tionóisc nó an galar leis an obair.***

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Oibrithe tríú tír dá dtagraítear i>>n<< Airteagal 3(1), pointí (b) agus (c), gheobhaidh siad cóir atá comhionann leis an gcóir a fhaigheann náisiúnaigh an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu i ndáil leis na nithe seo a leanas:	1. Gheobhaidh oibrithe tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (b) agus (c), cóir chomhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu i ndáil leis na nithe seo a leanas ar ***a laghad***:

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) dálaí oibre, lena n-áirítear pá agus dífhostú chomh maith le sláinte agus sábháilteacht sa láthair oibre;	(a) ***téarmaí fostaíochta, dálaí oibre cuibhiúla***, lena n-áirítear ***luach saothair*** agus dífhostú, ***uaireanta oibre, rátaí ragoibre, saoire agus teidlíochtaí bliantúla agus breoiteachta, saoire a bhaineann le cúram agus laethanta saoire, oiliúint, liúntais nó aisíocaíocht caiteachais chun speansais taistil, béilí agus lóistín a chumhdach, lena n-áirithítear go bhfuil asbhaintí ón luach saothair, i gcás inarb ann dóibh, neamh-idirdhealaitheach, dlisteanach agus comhréireach,*** chomh maith le ***cóir chomhionann idir fir agus mná, agus sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, i gcomhréir le Treoir 89/391 CEE[1a] ón gComhairle, agus Treoracha 2008/104/CE[1b], (AE) 2019/[1c] agus 2022/2041[1d] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Beidh feidhm ag prionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann, i gcomhréir le hAirteagal 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;***
	[1a] Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ar an láthair oibre a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).
	[1b] Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach, (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9).
	[1c] Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105).
	[1d] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta

leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 3).

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) aisíocaíochtaí atá le déanamh ag an bhfostóir leis an náisiúnach tríú tír maidir le haon luach saothair gan íoc, i gcomhréir le Treoir 2009/52/CE, mar aon le socrú tapa éileamh gan íoc de chuid náisiúnaigh tríú tír a eascraíonn as conradh fostaíochta nó as caidreamh fostaíochta i gcás fostóra a bheith dócmhainneach, i gcomhréir le Treoir 2008/94/CE;

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) saoirse comhlachais, agus cleamhnachta agus ballraíochta in eagraíocht a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe nó d'fhostóirí nó in aon eagraíocht a bhfuil a comhaltaí rannpháirteach i slí bheatha shonrach, lena n-áirítear na sochair a thugann na heagraíochtaí sin, gan dochar do na forálacha náisiúnta maidir le beartas poiblí agus slándáil phoiblí;	(b) saoirse comhlachais, agus cleamhnacht agus ballraíocht in eagraíocht a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe nó d'fhostóirí nó in aon eagraíocht a bhfuil a comhaltaí rannpháirteach i slí bheatha shonrach, ***lena n-áirítear na cearta agus na tairbhí a thugann na heagraíochtaí sin, lena n-áirítear an ceart chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidil agus a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis an gceart comhlachais, eagrúcháin agus cómhargála dá bhforáiltear i gCoinbhinsiúin 87 agus 98 de chuid EIS,*** gan dochar do na forálacha náisiúnta maidir le beartas poiblí agus slándáil phoiblí;

Leasú 63

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) oideachas agus oiliúint ;	(c) oideachas agus oiliúint, ***lena n-áirítear gairmoiliúint;***

Leasú 64

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) aitheantas dioplómaí, teastas agus cáilíochtaí gairmiúla eile i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta ábhartha;	(d) aitheantas dioplómaí, teastas agus cáilíochtaí gairmiúla ***agus gairme*** eile i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta ábhartha;

Leasú 65

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) brainsí den tslándáil shóisialta mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004;	(e) ***rochtain ar*** bhrainsí den tslándáil shóisialta mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004;

Leasú 66

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus soláthar earraí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal, lena n-áirítear nósanna imeachta chun rochtain a fháil ar thithíocht phoiblí agus phríobháideach mar	(g) rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí***, go háirithe seirbhísí poiblí,*** agus ar sholáthar earraí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal lena n-áirítear nósanna imeachta chun rochtain a fháil ar thithíocht

a fhoráiltear sa dlí náisiúnta, gan dochar do shaoirse conarthaí i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta;	phoiblí agus phríobháideach mar a fhoráiltear leis an dlí náisiúnta, ***sásúil maireachtála a áirithiú, chomh maith le saoirse rogha tithíochta gan aon oibleagáid nó brú chun cónaí i dtithíocht arna soláthar ag fostóir,*** gan dochar don saoirse conartha i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, ***asbhaintí as luach saothair don taisteal, do bhéilí augs lóistín, i gcás inarab ann dóibh agus coinníollacha tithíochta agus conarthaí cíosa atá i gcomhréir leis na caighdeáin agus na rialacháin le haghaidh cíos phríobháideach faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear méideanna cíosa;***

Leasú 67

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) seirbhísí comhairle a chuireann oifigí fostaíochta ar fáil.	(h) seirbhísí ***faisnéise , tacaíochta agus pearsantaithe comhairleoireachta a sholáthraíonn*** oifigí fostaíochta.

Leasú 68

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) teorainn a chur leis na cearta a thugtar d'oibrithe tríú tír faoi mhír 1, pointe (e), ach ní srianfar na cearta sin i gcás oibrithe tríú tír atá fostaithe nó a bhí fostaithe ar feadh tréimhse sé mhí ar a laghad agus atá cláraithe mar oibrithe tríú tír dífhostaithe. ***Anuas air sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach bhfuil feidhm ag m>D>h<D<ír 1, pointe (e), i ndáil le sochair teaghlaigh maidir le náisiúnaigh***	***scriosta***

tríú tír a údaraíodh chun obair a dhéanamh i gcríoch Ballstáit ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí, maidir le náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach chun críche staidéir

Leasú 69

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) faoi mhír 1, pointe (g),, ar na bealaí seo a leanas:	***scriosta***
(i) an cur i bhfeidhm a theorannú do na hoibrithe tríú tír sin atá fostaithe;	
(ii) srian a chur le rochtain ar thithíocht phoiblí;	

Leasú 70

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh na Ballstáit náisiúnaigh tríú tír ar an eolas faoi aon srianta den sórt sin is infheidhme nuair a eiseoidh siad an cead aonair.

Leasú 71

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Maidir le seanaois, easláine agus bás, gheobhaidh oibrithe tríú tír a théann chun cónaithe i dtríú tír, nó daoine muinteartha leo a mhaireann ina ndiaidh a bhfuil cónaí orthu i dtríú tír agus a bhfuil	4. ***I gcás sealbhóirí ceada aonair*** a bhogann go tríú tír, nó marthanóirí a chónaíonn i dtríú tír agus a fhaigheann cearta ó na hoibrithe sin, gheobhaidh siad, i ndáil le seanaois, easláine agus bás, pinsin

cearta ag dul dóibh ó na hoibrithe sin, gheobhaidh siad pinsin reachtúla ar bhonn iarfhostaíocht na n-oibrithe sin, agus ar baineadh amach iad i gcomhréir leis an reachtaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 faoi na coinníollacha céanna agus ag na rátaí céanna le náisiúnaigh na mBallstát lena mbaineann nuair a théann siad chun cónaithe i dtríú tír.

reachtúla ar bhonn iarfhostaíocht na n-oibrithe sin, agus ar baineadh amach iad i gcomhréir leis an reachtaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 faoi na coinníollacha céanna agus ag na rátaí céanna le náisiúnaigh na mBallstát lena mbaineann nuair a théann siad chun cónaithe i dtríú tír. ***Tabharfaidh an Ballstát aghaidh ar aon deacracht atá ann do shealbhóirí ceadanna aonair a dteidlíochtaí pinsin a fháil ar bhealach tráthúil éifeachtach.***

Leasú 72

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta chun sáruithe féideartha ag fostóirí ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 12 a chosc. Leis na bearta coisctheacha sin, áireofar faireachán, measúnú agus, i gcás inarb iomchuí, cigireacht i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le cleachtas riaracháin.	1. Déanfaidh na Ballstáit, ***le rannpháirtíocht na comhpháirtithe sóisialta***, foráil maidir le bearta chun sáruithe féideartha ag fostóirí ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 12 a chosc. Áireofar ar na bearta coisctheacha faireachán, measúnú agus cigireachtaí, ***ar bhonn measúnú riosca, lena sainaithneofar go rialta na hearnálacha gníomhaíochta ina mbíonn fostú oibrithe tríú tír dírithe,*** i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas riaracháin.

Leasú 73

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ag fostóirí ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 12. Beidh na pionóis dá	2. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ag fostóirí ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 12. ***Chomh maith le tuarastail***

bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.	***agus cúiteamh d'oibrithe, slándáil shóisialta agus cánacha a thabhairt chun rialtachta, féadfar a áireamh ar na pionóis sin, i measc nithe eile, sáruithe arna ndéanamh ag fostóirí a chlárú go poiblí, pionóis riaracháin agus airgeadais, amhail fíneálacha nó íocaíocht cúitimh, agus fionraí na hincháilitheachta d'fhostóirí don nós imeachta iarratais aonair chun cead aonair a eisiúint do náisiúnaigh thríú tír chomh maith le heisiamh d'fhostóirí ó nósanna imeachta soláthair phoiblí. Más rud é go bhfoirceanntar an conradh fostaíochta nó an caidreamh fostaíochta leis an náisiúnach tríú tír de bharr sárú ag an bhfostóir i gcóireáil dhíobhálach, beidh sé incháilithe chun fostaíocht nua a aimsiú faoi na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 11.*** Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Leasú 74

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar an láthair oibre ag seirbhísí atá i gceannas ar chigireacht ar shaothar nó ag údaráis inniúla eile, agus ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna oibrithe i gcás ina bhforáiltear dó sin faoin dlí náisiúnta i leith oibrithe náisiúnta.	3. ***Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, agus i gcomhréir le Coinbhinsiún ILO Uimh. 81, rialuithe tráthúla, éifeachtacha, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha agus cigireachtaí allamuigh arna seoladh ag cigireachtaí saothair, lena n-áirítear gnáthchuairteanna agus cuairteanna gan fógra roimh ré. Forbróidh na Ballstáit cumas na n-údarás forghníomhaithe chun díriú go réamhghníomhach ar fhostóirí neamhchomhlíontacha agus dul***

	sa tóir orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar an láthair oibre, ***agus le comhaontú ón oibrí, ar a thithíocht,*** ag na seirbhísí atá i bhfeighil cigireacht saothair nó ag údaráis inniúla eile ***agus go mbeidh dóthain acmhainní acu*** agus, i gcás ina bhforáiltear dó sin faoin dlí náisiúnta, ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe, ***go háirithe ceardchumainn.***

Leasú 75

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Déanfaidh na Ballstáit staidreamh a fhoilsiú agus a chur in iúl don Choimisiún maidir le líon na náisiúnach tríú tíortha ar deonaíodh cead aonair dóibh agus maidir leo siúd ar diúltaíodh a n-iarratas nó a measadh a bheith neamh-inghlactha, agus maidir le líon na náisiúnach tríú tír a rinneadh a gcead aonair a athnuachan nó a tharraingt siar, le linn na bliana féilire roimhe sin. Déanfar an staidreamh sin a dhí-chomhiomlánú de réir saoránachta, fad bailíochta na gceadanna, inscne agus aoise agus, i gcás ina mbeidh sé ar fáil, de réir gairme, de réir mhéid ghnóthas an fhostóra agus na hearnála eacnamaíche. Déanfar staidreamh ar dhaoine de teaghlaigh náisiúnach tríú tír arna ligean isteach a chur in iúl ar an modh céanna, ach amháin maidir le faisnéis i ndáil lena ngairm bheatha agus leis an earnáil eacnamaíoch.

Leasú 76

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí éifeachtacha ann trínar féidir le hoibrithe tríú tír gearáin a thaisceadh i gcoinne a bhfostóirí:	1. Áiritheoidh na Ballstáit***, i gcomhréir le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,*** go mbeidh sásraí tráthúla agus éifeachtacha ann trínar féidir le hoibrithe tríú tír gearáin a thaisceadh i gcoinne a bhfostóirí:

Leasú 77

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go díreach; ***or***	(a) go díreach;

Leasú 78

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) trí thríú páirtithe a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos ina ndlí náisiúnta, i gcomhlíonadh na Treorach seo a áirithiú; ***or***	(b) ***le toiliú an oibrí tríú tír,*** trí thríú páirtithe a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos ina ndlí náisiúnta, ***sa chleachtas agus i gcomhaontuithe comhchoiteanna,*** i gcomhlíonadh na Treorach seo a áirithiú; ***agus***

Leasú 79

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh tríú páirtithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), gabháil, thar ceann oibrí tríú tír nó chun tacú leis, agus formheas	2. Áiritheoidh na Ballstáit***, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, leis an gcleachtas agus le comhaontuithe comhchoiteanna,*** go bhféadfaidh tríú

faighte uaidh chuige sin, d'aon nósanna imeachta breithiúnacha agus/nó riaracháin arb é is aidhm dóibh comhlíonadh na Treorach seo a fhorfheidhmiú.	páirtithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), gabháil, thar ceann oibrí tríú tír nó chun tacú leis, agus formheas faighte uaidh chuige sin, d'aon nósanna imeachta breithiúnacha agus/nó riaracháin chun comhlíonadh na Treorach seo a fhorfheidhmiú.

Leasú 80

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an rochtain chéanna ag oibrithe tríú tír agus atá ag náisiúnaigh an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu ar:	3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an rochtain chéanna ag oibrithe tríú tír, ***lena n-áirítear iad siúd a bhfuil deireadh tagtha lena gcaidreamh fostaíochta***, agus atá ag náisiúnaigh an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu ar:

Leasú 81

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) bearta atá ina gcosaint ar dhífhostú nó cóireáil dhíobhálach eile ón bhfostóir mar fhreagairt ar ghearán laistigh den ghnóthas; nó ar	(a) bhearta atá ina gcosaint ar dhífhostú agus lena gcosnaítear oibrithe triú tír agus ionadaithe oibrithe araon, lena n-áirítear iad siúd ar comhaltaí ceardchumainn nó ionadaithe ceardchumainn iad, ó aon chóireáil dhíobhálach agus aon iarmhairtí díobhálacha mar thoradh ar ghearán a cuireadh faoi bhráid an fhostóra nó mar thoradh ar aon imeachtaí ar cuireadh tús leo chun comhlíonadh na gceart dá bhforáiltear sa Treoir seo a fhorfheidhmiú; Agus do

Leasú 82

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) aon nós imeachta breithiúnach agus/nó riaracháin arb é is aidhm dó comhlíonadh na Treorach seo a fhorfheidhmiú.	(b) ***réiteach díospóide éifeachtach, tráthúil agus neamhchlaonta, ceart chun sásaimh, agus*** aon nós imeachta breithiúnach agus/nó riaracháin um chomhlíonadh na Treorach seo a fhorfheidhmiú.

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. D'fhonn comhlíonadh na Treorach seo a éascú, saineoidh na Ballstáit sa dlí náisiúnta na rialacha faoina ndeonaíonn siad, ar bhonn cás ar chás, síneadh ar bhailíocht an cheada chuig sealbhóirí ceada aonair a ndearnadh sárú ar a gcearta faoin Treoir seo.
	I gcás inar fochonraitheoir é an fostóir, nó i gcás gníomhaireacht earcaíochta thar ceann an phríomhchonraitheora, a sháraigh an Treoir seo, agus i gcás nach bhfuil oibleagáidí díchill chuí mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta glactha ar láimh ag an bpríomhchonraitheoir agus ag aon fhochonraitheoir idirmheánach, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an príomhchonraitheoir agus aon fhochonraitheoir idirmheánach faoi dhliteanas, sa bhreis ar an bhfostóir nó in ionad an fhostóra, aon íocaíochtaí ar ais agus cúiteamh atá dlite don náisiúnach tríú tír i gcomhréir leis an dlí náisiúnta a íoc agus go mbeidh siad faoi réir pionóis, i gcomhréir leis an Treoir seo.
	Féadfaidh na Ballstáit rialacha dliteanais

níos déine a sholáthar faoin dlí náisiúnta.

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 15 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Cuirfidh na Ballstáit forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679 i bhfeidhm agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú)
Tagairtí	COM(2022)0655 – C9-0163/2022 – 2022/0131(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 22.6.2022
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 22.6.2022
Coistí comhlachaithe – dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	20.10.2022
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Agnes Jongerius 28.9.2022
Pléite sa choiste	8.11.2022 30.11.2022
Dáta an ghlactha	24.1.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 27 –: 7 0: 10
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	João Albuquerque, Atidzhe Alieva-Veli, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, David Casa, Leila Chaibi, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Özlem Demirel, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Rosa Estaràs Ferragut, Helmut Geuking, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Irena Joveva, Radan Kanev, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Sara Matthieu, Max Orville, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Romana Tomc, Marianne Vind
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Robert Biedroń, Krzysztof Hetman, Lívia Járóka, Peter Lundgren
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Deirdre Clune, Jens Geier, Robert Hajšel, Mircea-Gheorghe Hava

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

27	+
NI	Daniela Rondinelli
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Abir Al-Sahlani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Irena Joveva, Max Orville, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo
S&D	João Albuquerque, Robert Biedroń, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Estrella Durá Ferrandis, Jens Geier, Robert Hajšel, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Marianne Vind
The Left	Konstantinos Arvanitis, Leila Chaibi, Özlem Demirel
Verts/ALE	Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri

7	-
ECR	Peter Lundgren, Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska
ID	Dominique Bilde, Elena Lizzi, Guido Reil
NI	Lívia Járóka

10	0
PPE	David Casa, Deirdre Clune, Rosa Estaràs Ferragut, Helmut Geuking, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Radan Kanev, Miriam Lexmann, Dennis Radtke, Romana Tomc

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh